Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13075/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0340(COD)**

CODEC 1398
ENV 946
ENT 132
COMPET 752
IND 380
SAN 542
CONSOM 242
MI 701
CHIMIE 87
PE 118

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 3 go dtí 6 Deireadh Fómhair 2022) |

# I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic cathaoirleach An Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, Pascal CANFIN (RE, FR), leasú comhréitigh (leasú uimhir 17), thar ceann an Choiste, ar an togra thuas luaite le haghaidh an Rialacháin agus an Leasaithe (leasú uimhir 18) ar an rún reachtach ina bhfuil ráitis. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú uimhir 17) ar an togra le haghaidh rialacháin thuasluaite, chomh maith le leasú 18 ar an rún reachtach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

2 Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2022)0342

## Leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (COM(2021)0656 – C9-0396/2021-2021/0340(COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0656),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0396/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021[3],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 29 Meitheamh 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don togra ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0092/2022),

[3] IO C 152, 6.4.2022, lch. 197.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[4];

2. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[4] Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 3 Bealtaine 2022 (Téacsanna arna nglacadh, (P9_TA(2022)0130).

**P9_TC1-COD(2021)0340**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Deireadh Fómhair 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[6],

---

[5] IO C 152, 6.4.2022, lch. 197.

[6] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na gealltanais a leagtar amach i gCoinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ('an Coinbhinsiún'), arna fhormheas thar ceann an Chomhphobail le Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle[7], agus sa Phrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, arna fhormheas thar ceann an Chomhphobail le Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle[8], déantar na gealltanais sin a chur chun feidhme ***ar leibhéal*** an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha.

---

**7** Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1).

**8** Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Phrótacail a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 81, 19.3.2004, lch. 35).

**9** Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

(2) Ag an seachtú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a tionóladh ón 4 go dtí an 15 Bealtaine 2015, comhaontaíodh peinteaclóraifeanól, a shalainn agus a eistir ('peinteaclóraifeanól') a chur isteach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ag an naoú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a tionóladh ón 29 Aibreán go dtí an 10 Bealtaine 2019, comhaontaíodh déchófól chomh maith le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a chur isteach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. ***Ag an deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a tionóladh ón 6 go dtí an 17 Meitheamh 2022, comhaontaíodh aigéad sárfhluaraiheacsáin sulfónach (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara a chur isteach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.*** I bhfianaise na leasuithe sin ar an gCoinbhinsiún agus chun a áirithiú go ndéantar dramhaíl ina bhfuil na substaintí sin a bhainistiú i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin, is gá Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú freisin trí pheinteaclóraifeanól, déchófól agus PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara***, chomh maith le PFHxS, a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara,*** a chur isteach sna hIarscríbhinní agus teorainneacha tiúchana comhfhreagracha gach ceann ar leith díobh a lua.

(3) Le Rialachán (AE) 2019/636 ón gCoimisiún[10], liostaíodh peinteaclóraifeanól roimhe in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], agus luach 100 mg/kg luaite maidir leis in Iarscríbhinn IV agus luach 1 000 mg/kg luaite maidir leis in Iarscríbhinn V. I Rialachán (AE) 2019/1021, lenar aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, fágadh peinteaclóraifeanól ar lár go neamhbheartaithe. Is gá, dá bhrí sin, Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú chun peinteaclóraifeanól a chur isteach iontu.

**10** Rialachán (AE) 2019/636 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 109, 24.4.2019, lch. 6).

**11** Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 7).

(4) Tá teorainneacha tiúchana cheana féin ann in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir leis na substaintí nó na grúpaí substaintí seo a leanas: (a) suim na dtiúchan éitir teitreabrómaidhéfheinile, éitir peinteabrómaidhéfheinile, éitir heicseabrómaidhéfheinile, éitir heipteabrómaidhéfheinile agus éitir deacabrómaidhéfheinile (cé is moite den cheann deireanach, ceann nach liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin); (b) Heicseabrómaiciogladóideacán; (c) Alcáin $C_{10}$-$C_{13}$, clóra (pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha) (SCCPanna); agus (d) débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF). De bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1021, is iomchuí na teorainneacha tiúchana in Iarscríbhinn IV a leasú maidir leis na substaintí sin chun a dteorainnluachanna a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Chun bheith comhsheasmhach leis an liosta d'éitir dhéfheinile pholabróimínithe (PBDEnna) a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart an tsubstaint éitear deacabrómaidhéfheinile a chur isteach i measc na PBDEnna a liostaítear sa tríú colún d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

*(5) Chun a chur ar chumas na mBallstát sonraí a bhailiú maidir leis an méid iarbhír PCDD/PCDF agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna) i luaithreach agus súiche ó theaghlaigh phríobháideacha, agus i luaith cháithníneach ó aonaid bhithmhaise le haghaidh táirgeadh teasa agus cumhachta, agus chun dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart feidhm a bheith ag an teorainn tiúchana leasaithe le haghaidh shuim PCDD/PCDF agus dl-PCBanna, a mhéid a bhaineann le luaithreach agus súiche ó theaghlaigh phríobháideacha agus le luaith cháithníneach ó aonaid bhithmhaise, tráth níos déanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun gur féidir beartais oiriúnacha a dhearadh chun an luaithreach agus an súiche sin a bhailiú agus a chóireáil agus chun tacú leis an athbhreithniú dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV agus leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhailiú maidir le PCDD/PCDF agus dl-PCBanna a bheith i luaithreach agus súiche ó theaghlaigh phríobháideacha agus i luaith cháithníneach ó aonaid bhithmhaise le haghaidh táirgeadh teasa agus cumhachta. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2026.*

***(6) A mhéid a bhaineann le PBDEnna a liostaítear i Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart an teorainn tiúchana le haghaidh shuim na substaintí sin i ndramhaíl a shocrú ag 500 mg/kg. Agus aird chuí á tabhairt ar an meath atá ag teacht ar thiúchain PBDEnna i ndramhaíl áirithe, atá mar thoradh ar na srianta atá ann cheana ar PBDEnna a chur ar an margadh agus a úsáid, agus i bhfianaise na héabhlóide a d'fhéadfadh teacht ar mhodhanna ábhartha sórtála agus anailíse, ba cheart an teorainnluach a ísliú go 350 mg/kg 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus go 200 mg/kg 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.***

(7) Ós rud é go bhfuil airíonna tocsaineolaíocha ag gabháil le foghrúpa ina bhfuil 12 chomhaicmeach PCB, eadhon PCB-77, PCB-81, PCB-105, PCB-114, PCB-118, PCB-123, PCB-126, PCB-156, PCB-157, PCB-167, PCB-169 agus PCB 189, ar a dtugtar dl-PCBanna, airíonna tocsaineolaíocha atá cosúil go mór le hairíonna tocsaineolaíocha PCDD/PCDF, agus chun éifeacht chomhiomlánaithe na gcomhdhúl dé-ocsainiúil uile a liostaítear i Rialachán (AE) 2019/1021 a chur san áireamh, is iomchuí dl-PCBanna a chur isteach san iontráil ghrúpa atá ann cheana le haghaidh PCDD/PCDF in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021. Ba cheart an liosta de luachanna fachtóra coibhéise tocsaineachta i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú freisin chun na luachanna comhfhreagracha a thabhairt isteach i leith na gcomhaicmeach dl-PCB aonair.

(8) Na teorainneacha tiúchana atá beartaithe in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, socraíodh iad trí bhíthin na modheolaíochta céanna lenar bunaíodh na teorainneacha tiúchana i leasuithe a rinneadh roimhe seo ar Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004. Ba cheart ***prionsabal an réamhchúraim, mar a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith mar bhuntaca leis na teorainneacha tiúchana atá beartaithe agus ba cheart é a bheith mar aidhm leo deireadh a chur, nuair is féidir, le scaoileadh truailleán orgánach marthanach sa chomhshaol, chun*** go mbainfear amach leo an cuspóir maidir le leibhéal ard cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, cosaint lena ngabhann scriosadh nó claochlú do-aisiompaithe na substaintí lena mbaineann. Ba cheart a chur san áireamh leis na teorainneacha sin freisin an cuspóir beartais leathan maidir le ***huaillmhian truailliú nialasach*** a bhaint amach ***chun críche timpeallacht atá saor ó thocsainí, athchúrsáil a mhéadú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, timthriallta ábhar neamhthocsaineach a fhorbairt,*** agus geilleagar ciorclach ***neamhthocsaineach***, a chumhdaítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip], a bhaint amach.

*(9) Na teorainneacha tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart iad a bheith comhleanúnach agus ba cheart dóibh cur le cur i bhfeidhm theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability - Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht - I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí].*

*(10) Chun inrianaitheacht níos fearr agus cóireáil éifeachtach ar an dramhaíl ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha a áirithiú, agus chun neamhréireachtaí i ndlí an Aontais a sheachaint, is gá comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha a bhaineann le dramhaíl ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha a leagadh amach i dtosach i Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, atá aisghairthe anois le Rialachán (AE) 2019/1021, agus na forálacha sin a leagtar amach ina dhiaidh sin. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé iomchuí go bhfuil dramhaíl ina bhfuil aon truailleáin orgánacha mharthanacha a sháraíonn na teorainneacha tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 le haicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach, agus ba cheart dó togra reachtach a chur ar aghaidh, más iomchuí, chun Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] a leasú nó togra a chur ar aghaidh chun Cinneadh 2000/532/AE ón gCoimisiún[13] a leasú, nó iad araon, dá réir sin.*

---

**12** Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

**13** Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 ag ionadú Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Treoir 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3).

***(11) De réir chuspóirí na Straitéise Teicstílí, a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Márta 2022 dar teideal EU Strategy for Sustainable and Circular Textiles [Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha], ba cheart táirgí teicstíle a chuirtear ar mhargadh an Aontais a bheith déanta den chuid is mó as snáithíní athchúrsáilte atá saor ó shubstaintí guaiseacha. Chun a áirithiú go bhfuil teicstílí athchúrsáilte saor ó cheimiceáin ghuaiseacha amhail PFOA ón tús, is gá teorainnluachanna i leith PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i ndramhaíl a neartú ós rud é go bhféadfadh a láithreacht tionchar a bheith ar bhailiú agus cóireáil dramhaíola teicstíle. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn tiúchana d'fhonn an luach a ísliú, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.***

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir.

(13) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse leordhóthanach ionas go mbeidh cuideachtaí agus údaráis inniúla in ann iad féin a chur in oiriúint do na ceanglais nua.

***(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr éifeachtaí trasteorann na dtruailleán sin, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,***

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 mar a leanas:***

***(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:***

***'Airteagal 21a***
***Foráil idirthréimhseach***

***1. Beidh feidhm ag luach 10 µg/kg maidir le luaith cháithníneach ó aonaid bhithmhaise le haghaidh táirgeadh teasa agus cumhachta ina bhfuil débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) agus défheinil pholaclóirínithe dé-ocsainiúil (dl-PCBanna), nó atá éillithe leo, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV go dtí an ... [1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Beidh feidhm ag luach 5 µg/kg dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV maidir le luaith cháithníneach ó aonaid bhithmhaise le haghaidh táirgeadh teasa agus cumhachta ón... [1 bhliain + 1 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***2. Leanfaidh luach 15 µg/kg d'fheidhm a bheith aige maidir le luaithreach agus súiche ó theaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, nó atá éillithe leo, go dtí an 31 Nollaig 2024. Maidir le luaithreach agus súiche ó theaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna), nó atá éillithe leo, beidh feidhm ag luach 5 µg/kg dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV ón 1 Eanáir 2025.';***

*(2)* Déantar Iarscríbhinní IV agus V a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

***Déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an mbeadh sé iomchuí Treoir 2008/98/CE nó Cinneadh 2000/532/AE, nó iad araon, a leasú chun a aithint go bhfuil dramhaíl ina bhfuil aon truailleáin orgánacha mharthanacha a sháraíonn na teorainneacha tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 le haicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach, agus, más iomchuí, bunaithe ar an measúnú sin agus tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh sé togra reachtach a chur ar aghaidh chun Treoir 2008/98/CE a leasú nó togra a chur ar aghaidh chun Cinneadh 2000/532/CE a leasú, nó iad araon, dá réir sin.***

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ... [6 mhí tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear na rónna seo a leanas leis an tábla:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘Peinteaclóraifeanól, a shalainn agus a eistir | 87-86-5 agus cinn eile | 201-778-6 agus cinn eile | 100 mg/kg |
| Déchófól | 115-32-2 | 204-082-0 | 50 mg/kg |
| Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara***, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I*** | 335-67-1 agus cinn eile | 206-397-9 agus cinn eile | 1 mg/kg<br>(PFOA agus a shalainn),<br>40 mg/kg<br>(***suim de*** na comhdhúile PFOA-ghaolmhara)<br>***Athbhreithneoidh an Coimisiún an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé togra reachtach chun an luach sin a ísliú, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an … [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Aigéad sárfhluaraiheacsáin sulfónach (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara*** | ***355-46-4 agus cinn eile*** | ***355-46-4 agus cinn eile*** | ***1 mg/kg***<br><br>***(PFHxS agus a shalainn),***<br><br>***40 mg/kg***<br><br>***(suim de na comhdhúile PFHxS-ghaolmhara)***<br><br>***Athbhreithneoidh an Coimisiún an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé togra reachtach chun an luach sin a ísliú, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an … [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].';*** |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró na substainte Alcáin $C_{10}$-$C_{13}$, clóra (pairifíní clóirínithe gearrshlabhra) (SCCPanna):

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'Alcáin $C_{10}$-$C_{13}$, clóra (pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha) (SCCPanna) | 85535-84-8 | 287-476-5 | 1 500 mg/kg<br><br>***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé togra reachtach chun an luach sin a ísliú tráth nach déanaí ná an ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].';*** |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna na substaintí Éitear teitreabrómaidhéfheinile $C_{12}H_6Br_4O$, Éitear peinteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_5Br_5O$, Éitear heicseabrómaidhéfheinile $C_{12}H_4Br_6O$, Éitear heipteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_3Br_7O$ agus Éitear deacabrómaidhéfheinile $C_{12}Br_{10}O$:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘Éitear teitreabrómaidhéfheinile $C_{12}H_6Br_4O$ | 40088-47-9<br>agus cinn eile | 254-787-2<br>agus cinn eile | Suim na dtiúchan éitir teitreabrómaidhéfheinile ***$C_{12}H_6Br_4O$***, éitir peinteabrómaidhéfheinile ***$C_{12}H_5Br_5O$***, éitir heicseabrómaidhéfheinile ***$C_{12}H_4Br_6O$***, éitir heipteabrómaidhéfheinile ***$C_{12}H_3Br_7O$*** agus éitir deacabrómaidhéfheinile ***$C_{12}Br_{10}O$***:<br><br>(a) go dtí .an .. *[*an lá roimh an dáta i bpointe ***(b)****]*, 500 mg/kg***;***<br><br>***(b) ón ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an ... [an lá roimh an dáta i bpointe (c)], 350 mg/kg nó, más airde, suim thiúchan na substaintí sin i gcás inarb ann dóibh i meascáin nó in earraí, mar a leagtar amach sa cheathrú colún, pointe 2, d’Iarscríbhinn I maidir*** |
| Éitear peinteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_5Br_5O$ | 32534-81-9<br>agus cinn eile | 251-084-2<br>agus cinn eile | |
| Éitear heicseabrómaidhéfheinile $C_{12}H_4Br_6O$ | 36483-60-0<br>agus cinn eile | 253-058-6<br>agus cinn eile | |
| Éitear heipteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_3Br_7O$ | 68928-80-3<br>agus cinn eile | 273-031-2<br>agus cinn eile | |
| Éitear bis(peinteabrómaifeinil) (éitear deacabrómaidhéfheinile; decaBDE) $C_{12}Br_{10}O$ | 1163-19-5<br>agus cinn eile | 214-604-9<br>agus cinn eile | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ***leis na substaintí éitear teitreabrómaidhéfheinile, éitear peinteabrómaidhéfheinile, éitear heicseabrómaidhéfheinile, éitear heipteabrómaidhéfheinile agus éitear deacabrómaidhéfheinile;***<br><br>(***c***) ón ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], 200 mg/kg nó, más airde, suim thiúchan na substaintí sin i gcás inarb ann dóibh i meascáin nó in earraí, mar a leagtar amach sa cheathrú colún, pointe 2, ***d'Iarscríbhinn I*** maidir leis na substaintí éitear teitreabrómaidhéfheinile, éitear peinteabrómaidhéfheinile, éitear heicseabrómaidhéfheinile, éitear heipteabrómaidhéfheinile agus éitear deacabrómaidhéfheinile.' |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró na substaintí Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin (PCDD/PCDF):

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna) | | | 5 µg/kg[(1)]<br>***Athbhreithneoidh an Coimisiún an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé togra reachtach chun an luach sin a ísliú, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an… [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

(1) Ríomhtar an teorainn de réir shuim na PCDDanna, na PCDFanna agus na dl-PCBanna agus de réir na bhfachtóirí coibhéise tocsaineachta (TEFanna) a leagtar amach i gCuid 2, sa tríú mír, sa tábla, d'Iarscríbhinn V.***';***

(e) cuirtear an méid seo i leanas in ionad ró na substainte heicseabrómaiciogladóideacán:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'Heicseabrómaiciogladóideacán[(4)] | 25637-99-4, 3194-55-6, 134237-50-6, 134237-51-7, 134237-52-8 | 247-148-4 221-695-9 | 500 mg/kg<br><br>***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé togra reachtach chun an luach sin a ísliú go luach nach airde ná 200 mg / kg tráth nach déanaí ná an ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

(4) Ciallaíonn 'heicseabrómaiciogladóideacán' heicseabrómaiciogladóideacán, 1,2,5,6,9,10-heicseabrómaiciogladóideacán agus a dhiaisteiré-isiméirí príomha: alfa-heicseabrómaiciogladóideacán, béite-heicseabrómaiciogladóideacán agus gáma-heicseabrómaiciogladóideacán.';

(2) leasaítear Cuid 2 d'Iarscríbhinn V mar a leanas:

***(a)*** ***sa dara mír, déantar an chéad cholún den tábla dar teideal 'Dramhaíl mar a aicmítear í i gCinneadh 2000/532/CE' a leasú mar a leanas:***

***(i)*** ***cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh '10.01 Dramhaíl ó stáisiúin chumhachta agus ó stáisiúin dócháin eile (seachas 19)':***

***'10 01 03: luaith cháithníneach ó mhóin agus ó adhmad neamhchóireáilte';***

***(ii)*** ***cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh '17 05 03* Ithir agus clocha ina bhfuil substaintí guaiseacha':***

***'17 05 04: ithir agus clocha seachas iad sin a luaitear in 17 05 03';***

***(iii)*** ***cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh '19 04 03* Céim sholadach neamhghloinithe':***

***'20 DRAMHAÍL CHATHRACH (DRAMHAÍL TÍ AGUS DRAMHAÍL TRÁCHTÁLA, THIONSCLAÍOCH AGUS INSTITIÚIDEACH DEN CHINEÁL CÉANNA) LENA nÁIRÍTEAR CODÁIN DRAMHAÍOLA A BHAILÍTEAR AR LEITHLIGH***

***20 01: codáin dramhaíola a bhailítear ar leithligh (seachas 15 01)***

***20 01 41: dramhaíl ó shimléir a scuabadh';***

(*b*) sa dara mír, déantar an dara colún den tábla ***dar teideal*** 'Teorainneacha uastiúchana na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn IV', a leasú mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs 'Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin: 5 mg/kg;':

'Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna): 5 mg/kg;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs 'Suim na dtiúchan éitir teitreabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_6Br_4O$), éitir peinteabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_5Br_5O$), éitir heicseabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_4Br_6O$) agus éitir heipteabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_3Br_7O$): 10 000 mg/kg;':

'Suim na dtiúchan éitir teitreabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_6Br_4O$), éitir peinteabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_5Br_5O$), éitir heicseabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_4Br_6O$), éitir heipteabrómaidhéfheinile ($C_{12}H_3Br_7O$) agus éitir deacabrómaidhéfheinile ($C_{12}Br_{10}O$): 10 000 mg/kg;';

(iii) cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh ‘Tocsaiféin: 5 000 mg/kg.’:

‘Peinteaclóraifeanól, a shalainn agus a eistir: 1 000 mg/kg;

Déchófól: 5 000 mg/kg;

Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara: 50 mg/kg (PFOA agus a shalainn), 2 000 mg/kg (comhdhúile PFOA-ghaolmhara);

***Aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara:***

***50 mg/kg (PFHxS agus a shalainn), 2 000 mg/kg (comhdhúile PFHxS-ghaolmhara).***’;

(*c*) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

‘Is de réir na bhfachtóirí coibhéise tocsaineachta (TEFanna) seo a leanas a ríomhfar an teorainn uastiúchana le haghaidh débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD agus PCDF) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna):

**Fachtóirí coibhéise tocsaineachta (TEFanna) le haghaidh PCDD, PCDF agus dl-PCBanna**

| **PCDD** | **TEF** |
|---|---|
| 2,3,7,8-TeCDD | 1 |
| 1,2,3,7,8-PeCDD | 1 |
| 1,2,3,4,7,8-HxCDD | 0,1 |
| 1,2,3,6,7,8-HxCDD | 0,1 |
| 1,2,3,7,8,9-HxCDD | 0,1 |
| 1,2,3,4,6,7,8-HpCDD | 0,01 |
| OCDD | 0,0003 |
| **PCDF** | **TEF** |
| 2,3,7,8-TeCDF | 0,1 |
| 1,2,3,7,8-PeCDF | 0,03 |
| 2,3,4,7,8-PeCDF | 0,3 |
| 1,2,3,4,7,8-HxCDF | 0,1 |
| 1,2,3,6,7,8-HxCDF | 0,1 |
| 1,2,3,7,8,9-HxCDF | 0,1 |
| 2,3,4,6,7,8-HxCDF | 0,1 |
| 1,2,3,4,6,7,8-HpCDF | 0,01 |
| 1,2,3,4,7,8,9-HpCDF | 0,01 |
| OCDF | 0,0003 |

| **dl-PCBanna** | **TEF** |
|---|---|
| PCB 77 | 0,0001 |
| PCB 81 | 0,0003 |
| PCB 105 | 0,00003 |
| PCB 114 | 0,00003 |
| PCB 118 | 0,00003 |
| PCB 123 | 0,00003 |
| PCB 126 | 0,1 |
| PCB 169 | 0,03 |
| PCB 156 | 0,00003 |
| PCB 157 | 0,00003 |
| PCB 167 | 0,00003 |
| PCB 189 | 0,00003’. |

’.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ón gCoimisiún

**Ráiteas ón gCoimisiún tráth glacadh Rialachán (AE) 2022/...[14*], maidir le cód dramhaíola 17 05 04 'ithir agus clocha seachas iad siúd a luaitear in 17 05 03' a áireamh i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021**

Níor cheart go dtuigfí le háireamh an chóid dramhaíola le haghaidh 'ithreacha agus clocha seachas iad siúd a luaitear in 170503' i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V go bhfuiltear i bhfabhar ithir a dhiúscairt mar dhramhaíl seachas feabhsúchán d'fhonn giniúint dramhaíola a chosc.

I gcás ina dtairgtear an rogha bainistithe dramhaíola comhshaoil is fearr leis an diúscairt, tá an maolú eisceachtúil ar chóireáil dhíobhálach faoi réir cheanglais Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2019/1021.'

---

14 IO ...

* IO cuirtear isteach sa téacs uimhir agus dáta an doiciméid atá in COD 2021/0340 sa teideal agus cuirtear a tagairtí foilseacháin isteach san fhonóta.